Ráiteas Sábháilteachta – Scoil Fhursa

Tá trí déag múinteoir sa scoil. Príomh Oide, ceithre Mhúinteoir Oideachas Spéisialta duine acu roinnte. Tá 6 Chúntóir idir lán aimsire agus páirt aimsire againn agus Rúnaí amháin sa scoil. Tá glantóir amháin fostaithe ag an scoil.

BORD BAINISTÍOCHTA.	**2023 – 2027**
Cathaoirleach:	Seán Ó Neachtain
Ionadaí an deoise:	An t-Athair Richard O Dwyer
Tuismitheoirí:	Ciara Uí Mhainnín Conor Griffin
Oidí:	Mairéad Nic Dhonnchadha Éibhlín Ní Chualáin
Pobal:	Debbie Seoighe Seosamh Ó Tumáin

Ba mhaithe le Bord Bainistíochta Scoil Fhursa a gcuid fostaithe ar fad a chuir ar a n-airdeall faoi na socraithe atá déanta faoi shábháilteachas, sláinte agus leas a gcuid fostaithe agus iad sin atá ag obair sa scoil.

Chun an polasaí a chur i bhfeidhm ní mór comhoibriú idir na fostaithe ar fad. Beidh cuntas a choinneáil d'aon timpistí agus droch shláinte chun a chinntiú go mbeidh muid in ann socraithe a chuir i bhfeidhm a bhaineann le sábháilteachas agus go dtiocfaidh íoslaghdú ar na timpistí agus droch shláinte.

Ba mhaith le Bord Bainistíochta Scoil Fhursa, Lóiste na Níle, Gaillimh a chinntiú chomh fada agus is féidir:

- Go mbeidh dearadh, leagan amach, cothabháil gach áit sa scoil sábhailte agus gan baol don sláinte.
- Go mbeidh bealach sábháilte isteach agus amach ag an ionad oibre.
- Is féidir Innealra Gléasra a úsáid chomh fada is go mbeidh sé sábháilte.
- Go mbeidh córais oibre pleanáilte, eagraithe, agus cothabháilte chun a bheith sábháilte agus gan baol don sláinte.
- Go mbeidh na fostaithe ar an eolas agus maoirseacht déanta orthu, chomh fada agus is féidir chun iad a choinneáil slán ó bhaol agus iad a choinneáil sábháilte.

- Go mbeidh éadaí cosanta (miotóga) ar fáil nuair is gá chun sláinte agus sábháilteachas na bhfostaithe a chinntiú.
- Go mbeidh pleananna éigeandala curtha le chéile agus déanfar athbhreithniú orthu go rialta.
- Go nglacfar le comhairle ó na fostaithe faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachais.

Glacann Bord Bainistíochta Scoil Fhursa lena ndualgaisí chun coinniallacha sábháilteachtais, sláinte agus leasa ag an Ionad Oibre Acht 2005 a chomhlíonadh.

Dualgaisí na bhFostaithe

Tá sé de dhualgas ar chuile fhostaí agus iad ag an obair:

(a) Aire réasúnach a thabhairt dá sláinte, dá leas agus dá sábháilteachas. Aire réasúnach agus iad ag an obair, a thabhairt d'éinne go bhfhuil éifeacht ag a gníomh / nó easpa gnímh orthu.

(b) Comhoibriú lena bhfostaitheoir, nó éinne eile chun cur ar chumas a fhostaitheoir nó éinne eile forálacha reachtúla a chomhlíonadh.

(c) Úsáid cheart a bhaint as aon uirlís, ábhar, éadaí cosanta &rl. atá ar fáil (bíodh siad ina n-aonar nó le daoine eile) chun sábhailteacht agus a leas féin ag an ionad oibre a chinntiú.

(d) Fógra a thabhairt don Bord Bainistíochta gan mhoill faoi aon uirlís, fearas, ionad oibre, corás oibre atá lochtach agus a chuirfeadh a sláinte i mbaol.

Ní chuirfidh éinne d'aon turas nó go mí-chúramach isteach ar aon fhearas, áis, éadaí cosanta nó ní bhainfidh siad mí-úsáid astú. (Seo iad na háiseanna a chuireadh ar fáil chun sábháilteacht sláinte nó leas oibrithe).

Garchabhair

Rinne an foireann cúrsa garchabhar 2 uair a chloig ar an 16ú Meán Fómhair 2024 .

Chomh maith le sin rinne 6 bhall den fhoireann lá iomlán traenáil Céadcabhair don chroí CFR (Cardiac First Responder) ar 13/04/2017 - **Áine Uí Rua, Aingeal Ní Thuathail, Hannah Ní Phroisias, Mairéad Nic Dhonnchadha, Aoife Nic Ghiolllamhuire and Róisín Ní Chadhain. Rinne an seisear ceanna dian chursa traenáil don epi pen agus don dífhibrileoir 11/11/24 & 25/11/2024 (7 n-uair chloig in iomlán).**

Féachfaidh an Príomh Oide chuige go mbeadh bosca céad cabhrach ar fáil i gcónaí d'fhoireann na scoile agus go mbeadh na hábhair seo leanas ann:

- Plástair
- Ábhar frith hiostaimín
- Téip
- Díghalrán m.sh. Savlon
- Lóis súil m.sh. Obtrex
- Uachtar frithsheipteán
- Bandaí cadáis
- Uachtar céad cabhair le dó
- Glantóirí frithsheipteán
- Siosúr
- Cairt garchabhair

Ní mór miotóga a chaitheamh i gcónaí agus garchabhair a thabhairt.

Rochtain ar an Scoil

A mhéid is atá sé comhoiriúnach le leagan amach praiticiúil áitreabh na scoile, beidh sé de dhualgas ar aon duine a théann isteach ar áitreabh na scoile iad féin a aithint. Ní mór d'aon chonraitheoir teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPríomhoide / Rúnaí sula dtosaíonn siad ar aon obair ar an áitreabh agus taispeánfar cóip den ráiteas sábháilteachta a bhaineann leis an scoil dó/di agus aontóidh sé/sí lena fhorálacha.

Le linn na hoibre, seachnófar aon torann a oiread agus is féidir le linn uaireanta scoile agus laghdófar é i gcónaí go dtí an t-íosmhéid is gá. Ní chruthóidh an conraitheoir ná na hoibrithe aon ghuais, buan ná sealadach, gan an Príomhoide nó a ghníomhaire ainmnithe a chur ar an eolas agus marcálfaidh siad an ghuais sin le comharthaí rabhaidh nó le cosaint oiriúnach eile.

Tuismitheoirí:

Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí aird a thabhairt ar chomharthaí sábháilteachta nuair atá siad sa chlós nó sa scoil.

Athbhreithniú an Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar an ráiteas seo de réir comhairle an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus an tAcht Sláinte agus Sábháilteachta.

Sínithe thar ceann an Bhoird Bainistíochta

Cathaoirleach:	Seán Ó Neachtain Seán Ó Neachtain Mairéad Nic Dhonnchadha	Dáta:	11ú Feabhra 2026
Príncipal	Mairéad Nic Dhonnchadha	Dáta	11ú Feabhra 2026
Oifigeach Sábháilteachta: Ainmnithe ag BOM	Eibhlín Ní Chualáin Eibhlín Ní Chualáin Mairéad Nic Dhonnchadha	Dáta	11ú Feabhra 2026
Ionadaí Sábháilteachta: Ainmnithe ag an bhfoireann	Mairéad Nic Dhonnchadha	Dáta	11ú Feabhra 2026

Baol	Measúnú Baoil	Stiúradh
Sciorraidh, Tuisle, Titim (taobh istigh)	Íséal	Bealaí isteach agus amach go háirithe staighrí coinnithe bánaithe. Mataí neamh sciorradh ag dóirse.
Sciorraidh, Tuisle, Titim (taobh amuigh)	Íséal	Dromchla nua Samhradh 2021
Leichtreachas	Íséal	Réabaire ciorcaid ar an bpríomh phainéal. Leicteoirí RECI cáilithe fostaithe nuair is gá.
Árdú Láimhe	Meán	Faigheann an fhoireann cúnamh le ualaí atá trom. Ná stóráil rudaí troma ar seilfeanna níos aoirde ná na guailní ná níos ísle ná na glúine.
Dréimirí Taca	Meán	Seachain sála árda. Dréimire Taca amháin san oifig agus ceann eile thuas staighre
Tine	Íséal	Aslonnú tine i bhfeidhm. Múctoirí tine ar fáil agus iad cothabháilte go féiltiúil. Éigeandáil tine i bhfeidhm agus uimhreacha gutháin éigeandala ar fáil go héasca don fhoireann. Baill fóirne le cinntiú nach bhfuil éinne ‘sna leithris.
Cistin (e.g. Uisce Fiuchta / ábhar glanadh)	Íséal	Citil in áit shábhailte. Ábhair glanadh faoi ghlas in áit shábháilte. Tá an fhoireann traenailte i ngarchabhair i gcas stealladh ceimiceach.
Ceimcí: (Cif, Parazone, Dettol)	Íséal	Miotóga le caitheadh ag úsáid ceimcí. I gcás stealladh ceimiceach nigh le uisce.
Oifig (e.g. Stiallaire Páipéir, VDU)	Íséal	Leanfar treoracha an lámhleabhar chun an stiallaire a úsáid. Leanfar treoracha HSA ar úsáid an VDU.

Seachadadh (m.sh. Ola)	Meán	Ní thagann veáin seachadadh isteach chun seachadadh a dhéanamh deantar an seachadach agus na páistí istigh sa rang.
Foréigean (m.sh. ó dhalta nó duine a bhriseann isteach)	Íséal	Tá ceamara ar thosach na scoile. Tá polasaí aslonnú na scoile againn sa gcás go mbristear isteach i rith am scoile. Tá polasaí againn freisin i gcás ionsaí borb ó dhalta.
Bullaíocht	Íséal	Leanfar treoracha an HSA
Oibrithe Torrach	Íséal	Nuair atá an fostaithe 6mhí ag súil baintear den rota maoirseacht í. Ní déantar ardú láimhe. Ní úsáidtear dreimire taca.
Radon	Íséal	Scrúdaithe agus socraithe
Éigeandáil do bhall den fhoireann	Íséal	Tá coras Solas Dearg i bhfeidhm sa scoil.
Staighre	Íséal	Láimh ar an ráille